Polasaí Gaeilge

Baineann an Polasaí le:
An Coláiste agus Pobal an Choláiste.

Cúis:
Is scoil lán-Ghaeilge í Gaelcholáiste Cheatharlach

Is í an Ghaeilge príomhtheanga an choláiste agus beifear ag súil leis an Ghaeilge amháin a chloisteáil ó na scoláirí.

- Tuigimid gurb é an Béarla príomhtheanga cuid mhór na ndaltaí sa bhaile agus dá bhrí sin tá sé mar dhúshlán againn bheith ar ár n-airdeall chun an teanga a fhorbairt. Caithfear deiseanna a thabhairt do na daltaí maidir le húsáid na Gaeilge i gcomhthéacsanna ilghnéitheacha. Cabhróimid le dul chun cinn na ndaltaí ar bhonn leanúnach.
- Cúis bhuartha do thuismitheoirí áirithe laghad a gcuid Gaeilge féin, ach ní gá dóibh a bheith buartha. Creidimid gur féidir le tuismitheoirí an cúpla focal a úsáid lena bpáistí agus creidimid go bhfuil an dualgas sin orthu. Táthar ag iarraidh oraibh na daltaí a spreagadh, a mholadh agus a mhisniú chun an teanga a úsáid lasmuigh den scoil sa bhealach nach bhfeicfear dóibh gur teanga scoile amháin atá inti.
- Tá sé de dhualgas ar mhúinteoirí an dea-shampla a léiriú tríd an Ghaeilge a labhairt i gcónaí agus na daltaí a spreagadh chun ard-chaighdeán Gaeilge a úsáid.
- Tá an fhreagracht ar gach dalta sa scoil a bheith dílis don Ghaeilge. Fairfidh an oide ranga ar chaighdeán labhairt na Gaeilge agus feicfear go mbeidh ról ag na hionadaithe ranga i bhforbairt na teanga sa todhchaí.
- Beidh sé mar pholasaí scoile póstaeir i nGaeilge a chur ar na ballaí agus téacsleabhair i nGaeilge a úsáid nuair is féidir. Tá sé mar chuid de shainmheon na scoile go n-úsáidfidh an dalta an leagan Gaeilge den ainm agus den sloinne.

****